C/2026/3115

10.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12465 — SEARCHLIGHT / PROVIDENCE / CLOSERSTILL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3115)

1. An 1 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Searchlight Capital Partners, L.P. ('Searchlight', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Providence Equity Partners L.L.C. ('Providence', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Searchlight agus Providence rialú comhpháirteach ar CloserStill Group Limited ('CloserStill', an Ríocht Aontaithe) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é Searchlight, atá dírithe ar chumarsáid, ar na meáin, ar sheirbhísí gnó, ar sheirbhísí tionsclaíocha agus ar sheirbhísí airgeadais, agus atá ag feidhmiú ar fud Mheiriceá Thuaidh agus na hEorpa,

— Is bainisteoir sócmhainní domhanda agus gnólacht infheistíochta speisialaithe cothromais phríobháidigh é Providence atá dírithe ar infheistíochtaí sna meáin, sa chumarsáid agus san oideachas, ar fud Mheiriceá Thuaidh agus na hEorpa.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó CloserStill: taispeántais agus comhdhálacha a eagrú sna hearnálacha seo a leanas: (i) foghlaim agus acmhainní daonna, (ii) iompar agus bonneagar, (iii) teicneolaíocht, agus (iv) cúram sláinte in dhá thír déag, lena n-áirítear san Aontas Eorpach. Tá CloserStill faoi rialú aonair Providence faoi láthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.12465 — SEARCHLIGHT / PROVIDENCE / CLOSERSTILL)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË